Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2017
(OR. fr)

10982/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0308 (COD)**

CODEC 1211
WTO 155
COEST 174
NIS 17

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta trádála uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin mar fhorlíonadh ar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Deireadh Fómhair 2016, chuir an Coimisiún an togra [1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 4 Iúil 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis an toradh sin[2].

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   - seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 33/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireachtaí na Polainne agus na Laitvia a bheith ar staonadh;

[1] 12936/16.
[2] 10895/17.

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar aon leis an ngníomh reachtach.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.